

AN GARDA SÍOCHÁNA



Cúlra

Léiríodh in imscrúdú sa bhliain 2011 gur sháraigh an Garda Síochána Acht an Gharda Síochána, 2005. An chúis atá leis an bhfionnachtain sin ná go raibh comhaltaí den Gharda Síochána nach raibh inniúil go leor sa Ghaeilge chun a chumasú dóibh í a úsáid go saoráideach. Sin le linn dóibh a bheith curtha ar stáisiún i ndúiche ina bhfuil limistéar Gaeltachta ar an Bhun Bheag / Doirí Beaga, [Gaoth Dobhair], Co. Dhún na nGall.

Moladh mar thoradh ar an imscrúdú ar an nGarda Síochána:

- Go dtógfadh Coimisinéir an Gharda Síochána gach céim riachtanach le cinntiú gur Gardaí atá inniúil sa Ghaeilge a bheadh ar dualgas i stáisiúin Gaeltachta.
- Nach mbainfí leas as cinneadh ná as moltaí an imscrúdaithe mar leithscéal le laghdú nó maolú a dhéanamh ar sholáthar seirbhíse cuí póilíneachta don limistéar atá i gceist.
- Go bhfeidhmeodh an Garda Síochána córas tástála teanga cuí chun líofacht Gaeilge comhaltaí a mheas tráth a mbeifí ag beartú iad a chur ar stáisiún i ndúiche ina bhfuil limistéar Gaeltachta, agus

- Go scrúdódh an Garda Síochána an raibh impleachtaí ag cinneadh an imscrúdaithe seo ó thaobh na ndúichí ar fad de chuid an Gharda Síochána ina bhfuil limistéir Ghaeltachta agus, má bhí, go rachfaí i ngleic leo sin le géilliúlacht do na dualgais reachtúla teanga a chinntiú.

An próiseas faireacháin

Bhí na scórtha teagmhálacha idir m'Oifig agus an Garda Síochána ó aimsir an imscrúdaithe. Bhí níos mó cumarsáide leis go deimhin ná le haon chomhlacht poiblí eile i gcomhthéacs cur i bhfeidhm moltaí imscrúdaithe. Is trua liom nach bhfuil toradh níos fearr le feiceáil ar na hiarrachtaí sin.

Bhí cruinniú agam féin leis an gCoimisinéir Drew Harris ar an 25 Márta 2019, agus sheol mé litir chuige ar an 15 Aibreán 2019, ag tabhairt achoimre ar an gcruinniú sin agus ag leagan amach na mbeart a bhí de dhíth chun an cás seo a thabhairt chun críche. Ocht mbeart san iomlán a áiríodh sa cháipéis sin.

Cuireadh in iúl don Oifig ar an 25 Meitheamh 2019 go raibh cáipéis chuimsitheach mar fhreagra ar litir an Choimisinéara Teanga curtha faoi bhráid lucht bainistíochta an Gharda Síochána. Cuireadh nóta chuig an nGarda Síochána ar an 11 Iúil ag fiosrú cathain a bheadh an freagra againn. Eisíodh meabhrachán ar an 2 Meán Fómhair nuair nach raibh aon fhreagra faighte.

Ar an 3 Meán Fómhair 2019 tháinig admháil ag glacadh leithscéil as an moill agus ag tabhairt le fios go raibh Oifig um Acmhainní Daonna agus Forbairt Daoine an Gharda Síochána ar an eolas faoin bpráinn a bhain leis agus go gcuirfí an freagra ar fáil go luath maidir leis na bearta ar fad a pléadh ag an gcruinniú leis an gCoimisinéir Harris ar an 25 Márta 2019.

Eisíodh ríomhphost chuig an nGarda Síochána ar an 20 Meán Fómhair 2019 ag tabhairt le fios go raibh nach mór sé mhí caite ó bhí an cruinniú ann ar an 25 Márta 2019, agus an Oifig fós ag fanacht ar fhreagra ón nGarda Síochána ar an ábhar. Míníodh gurbh ábhar inní nár chosúil go raibh aon dul chun cinn á dhéanamh ar an ábhar seo agus go raibh machnamh á dhéanamh ar na chéad chéimeanna eile ba ghá a ghlacadh sa chás in éagmais freagra críochnúil ón nGarda Síochána.



Bhí roinnt mhaith teagmhálacha idir m'Oifig agus Oifig Choimisinéir an Gharda Síochána ina dhiaidh sin inar meabhraíodh go gcaithfinn tuarascáil a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais ar an ábhar seo mura léireofaí dul chun cinn ar mholtaí an imscrúdaithe.

Tháinig freagra ón nGarda Síochána le tuairisc cothrom le dáta ar an 5 Samhain 2019. Sa litir sin cuireadh in iúl go gcuimseofaí na hoibleagáidí tábhachtacha atá ar an nGarda Síochána chun a sheirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge ina gclár athraithe leanúnaigh. Dúradh freisin go raibh Plean Straitéiseach don Lucht Saothair á dhréachtú faoi láthair don tréimhse ó 2020 go 2022 agus go gcuirfí seirbhís trí Ghaeilge atá oiriúnach don fheidhm san áireamh sa Phlean Straitéiseach seo.

Tugadh le fios sa litir go gcinnteodh Rannóg Acmhainní Daonna agus Forbartha Daoine an Gharda Síochána go gcuirfí an t-éileamh ar sheirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge san áireamh i ngach comórtas inmheánach ardaithe céime agus cliathánach amach anseo agus go leanfaí le hoiliúnaithe a earcú a bhfuil Gaeilge acu nuair a bheidh comórtais ar siúl amach anseo.

Rinne m'Oifig scrúdú ar an tuairisc a cuireadh ar fáil, agus cuireadh i gcomparáid í leis na bearta a bhí iarrtha i mo litir dar dáta an 15 Aibreán 2019. Cé go raibh freagra tugtha ar na bearta a bhí iarrtha i mo litir, bhí an easpa gnímh soiléir. I bhformhór na gcásanna is easpa sprioc-ama nó doiléireacht nó tuiscintí coinníollacha a bhí le brath.

Ar an 22 Samhain 2019 lorgaíodh soiléiriú ón nGarda Síochána i dtaobh líon seachas céatadán na nGardaí a bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu sna stáisiúin Ghaeltachta. Eisíodh meabhrúchán ar an ábhar ar an 12 Nollaig. In ainneoin admháil a bheith faighte ar an dá ríomhphost sin, ní raibh aon fhreagra faighte faoi dheireadh mhí Aibreán 2020.

Freagra

Lorg an Oifig seo breis eolais agus soiléirithe an athuair ón nGarda Síochána ag tús mhí na Bealtaine i mbliana. Lorgaíomar eolas maidir le haon dul chun cinn a bhí déanta i dtaobh cúrsaí measúnaithe, arduithe céime chuig stáisiúin Ghaeltachta do chomhaltaí den Gharda Síochána, anailís ar chomhaltaí le Gaeilge agus gan Ghaeilge i stáisiúin Ghaeltachta atá ag dul ar scor, socruithe maidir le Gardaí le Gaeilge a thagann tríd an bpainéal earcaíochta agus prótacal maidir le haonaid speisialta.


Cuireadh freagra ar an tuairisc ar fáil ar an 10 Meitheamh. Ní mór dom ag an tráth seo cíoradh iomlán a dhéanamh ar litir an Gharda Síochána a cuireadh faoi mo bhráid, ach níl an dul chun cinn a mbeifí ag súil leis déanta faoin tráth seo. Ba léir ón eolas a cuireadh ar fáil go bhfuil líon na nGardaí le Gaeilge atá ar dualgas i stáisiúin atá lonnaithe i ndúiche ina bhfuil limistéar Gaeltachta ardaithe ó 47 go 51 sa tréimhse ó rinneadh an t-imscrúdú. Sin ardú de cheathrar ó rinneadh moltaí an imscrúdaithe in 2011. Tá líon na nGardaí atá ar dualgas sna stáisiúin i gceantair Ghaeltachta íslithe ó 114 go 98 sa tréimhse chéanna.

Príomhfhionnachtain

Is bocht an scéal é nach bhfuil moltaí uile an imscrúdaithe a rinneadh sa bhliain 2011 curtha i bhfeidhm. D'fhéadfadh sé gurb é an toradh a bheidh ar an easpa dul chun cinn seo ná go mbeadh tuarascáil ar an ábhar le leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais. Tá dualgas orm é sin a dhéanamh sa chás go measaim nach gcuirtear moltaí imscrúdaithe i bhfeidhm go cuí laistigh d'achar réasúnta ama. Ba dheacair d'aon duine a rá nach bhfuil achar réasúnta ama caite faoin tráth seo.

Tús teagmhála: 9 Samhain 2012

Teagmháil is déanaí: 10 Meitheamh 2020




Aguisín 1 – Amlíne

- 9 Samhain 2012: Sheol Oifig an Choimisinéara Teanga litir faireacháin chuig Coimisinéir an Gharda Síochána.
- 19 Samhain 2012: Fuair Oifig an Choimisinéara Teanga admháil ó Oifig Choimisinéir an Gharda Síochána.
- 27 Samhain 2012: Labhair Oifig an Choimisinéara Teanga le hOifigeach Gaeilge an Gharda Síochána agus mhínigh go raibh roinnt mhaith i gceist le moltaí an imscrúdaithe. Tugadh síneadh ama go dtí an 21 Nollaig le freagra a sholáthar.
- 2 Eanáir 2013: Fuair Oifig an Choimisinéara Teanga freagra ó Choimisinéir an Gharda Síochána.
- 8 Eanáir 2013: Eisíodh litir ó Oifig an Choimisinéara Teanga mar fhreagra ar an litir sin.
- 6 Feabhra 2013: Socraíodh cruinniú le hoifigeach de chuid Oifig an Choimisinéara Teanga don 20 Feabhra 2013 le Coimisinéir Cúnta an Gharda Síochána.
- 28 Feabhra 2013: Chuir an Príomhoifigeach Cúnta tuairisc faoin gcruinniú faoi bhráid an Choimisinéara Teanga.
- 6 Márta 2013: Fuair Oifig an Choimisinéara Teanga litir, a d'eascair as cruinniú an 20 Feabhra 2013, ó Oifig Choimisinéir an Gharda Síochána. Tugadh le fios go leanfaidís ar aghaidh leis na céimeanna agus na gníomhaíochtaí a bhí idir lámha acu faoi ghéilliúlacht le hAcht an Gharda Síochána, 2005 agus le hAcht na dTeangacha Oifigiúla, 2003. Tugadh le fios go raibh leasuithe cuí á gcur i bhfeidhm i nDún na nGall chun seirbhísí trí Ghaeilge a fheabhsú, le daoine le Gaeilge a lonnú i gceantair Ghaeltachta agus le ranganna Gaeilge á chur ar fáil. Moladh dóibh gach réigiún Gaeltachta a scrúdú chun líofacht Gaeilge na nGardaí a mheas agus le go mbeadh ar a gcumas a gcuid gnó a dhéanamh le pobal na Gaeilge trí Ghaeilge.
- 30 Lúnasa 2013: Sheol Oifig an Choimisinéara Teanga litir chuig Oifig Choimisinéir an Gharda Síochána, agus cuntas á lorg ar an staid reatha.
- 30 Deireadh Fómhair 2013: Fuair Oifig an Choimisinéara Teanga freagra ó Choimisinéir an Gharda Síochána.
- 27 Meitheamh 2014: D'eisigh Oifig an Choimisinéara Teanga litir faireacháin chuig an nGarda Síochána.
- 3 Iúil 2014: Fuarthas admháil go bhfuair an Garda Síochána litir faireacháin an 27 Meitheamh 2014.
- 3 Meán Fómhair 2014: Fuair Oifig an Choimisinéara Teanga freagra ar litir faireacháin an 27 Meitheamh 2014.
- 16 Samhain 2015: D'eisigh Oifig an Choimisinéara Teanga litir faireacháin chuig Oifig Choimisinéir an Gharda Síochána.
- 27 Samhain 2015: Fuair Oifig an Choimisinéara Teanga admháil ón gCeannfort.
- 27 Eanáir 2016: Chuir Oifig an Choimisinéara Teanga glaoch fóin ar Cheanncheathrú an Gharda Síochána mar mheabhrúchán.
- 29 Feabhra 2016: Cuireadh glaoch fóin an athuir ar an gCeanncheathrú ag lorg freagra.
- 8 Aibreán 2016: Fuair Oifig an Choimisinéara Teanga freagra, dar dáta an 14 Márta 2016, ón nGarda Síochána ina raibh sonraí maidir leis an líon ball a bhí lonnaithe i Stáisiún an Bhuna Bhig chomh maith le heolas i dtaobh mholtaí an imscrúdaithe.
- 29 Meitheamh 2016: Sheol Oifig an Choimisinéara Teanga litir chuig an nGarda Síochána, ag lorg soiléiriú breise.
- 23 Lúnasa 2016: Chuir Oifig an Choimisinéara Teanga glaoch fóin ar an nGarda Síochána maidir le freagra a fháil ar litir an 29 Meitheamh.
- 30 Lúnasa 2016: Sheol Oifig an Choimisinéara Teanga meabhrúchán i scríbhinn chuig Oifig Choimisinéir an Gharda Síochána.



- 7 Meán Fómhair 2016: Chuir Oifig an Choimisinéara Teanga gloch fóin ar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Rannóg Acmhainní Daonna an Gharda Síochána, agus dúradh go nglaofaí ar ais gan mhoill.
- 21 Deireadh Fómhair 2016: Chuir Oifig an Choimisinéara Teanga gloch fóin ar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Rannóg Acmhainní Daonna an Gharda Síochána, agus dúradh go nglaofaí ar ais gan mhoill.
- 26 Deireadh Fómhair 2016: Sheol an Coimisinéir Teanga litir chuig Coimisinéir an Gharda Síochána, ag lorg freagra ar litir an 29 Meitheamh.
- 11 Samhain 2016: Fuarthas tairiscint ar chruinniú ar an 9 Nollaig leis nGarda Síochána. Glacadh leis an tairiscint.
- 25 Samhain 2016: Fuarthas litir ó Choimisinéir an Gharda Síochána.
- 20 Eanáir 2017: Tháinig litir ó Stiúrthóir Feidhmiúcháin, an Garda Síochána ag rá go raibh suirbhé ar bun acu an tráth sin maidir le himlonnú cainteoirí líofa Gaeilge i stáisiúin sa Ghaeltacht.
- 17 Feabhra 2017: Fuarthas litir ó Choimisinéir an Gharda Síochána mar fhreagra ar litir an 26 Deireadh Fómhair 2016 ón gCoimisinéir Teanga.
- 14 Aibreán 2017: Seoladh ríomhphost ag lorg soiléiriú maidir le stáisiúin de chuid an Gharda Síochána atá laistigh den Ghaeltacht. Tháinig an dara leagan inar áiríodh Co. Mhaigh Eo.
- 18 Aibreán 2017: Seoladh admháil ar fhiosrúcháin an Gharda Síochána.
- 19 Aibreán 2017: Eisíodh freagra ar an bhfiosrúchán.
- 30 Meitheamh 2017: Fuair Oifig an Choimisinéara Teanga ríomhphost ón nGarda Síochána maidir le stáisiúin an Gharda Síochána atá san Fhíor/Bhreac-Ghaeltacht.
- 11 Iúil 2017: Admhaíodh ríomhphost an Gharda Síochána.
- 29 Iúil 2017: Seoladh ríomhphost chuig teagmhálaí sa Gharda Síochána: Chomh fada agus a bhaineann sé leis an Oifig seo ní dhéantar aon idirdhealú idir “Fíor-Ghaeltacht” agus “Breac-Ghaeltacht” de thoradh nach bhfuil aon seasamh ag na téarmaí sin faoin reachtaíocht. Is é an tslat tomhais atá ag an Oifig seo ná go gcomhlíonfaí an dualgas atá leagtha amach in Acht an Gharda Síochána: *“Cinnteoídh Coimisinéir an Gharda, chomh fada agus atá praiticiúil, go mbeidh comhaltaí an Gharda Síochána atá lonnaithe i gceantar ina bhfuil ceantar Gaeltachta, sách inniúil sa Ghaeilge chun gur féidir leo í a úsáid go saoráideach chun a ndualgais a chomhlíonadh.”*
- 31 Iúil 2017: Seoladh litir chuig Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Gharda Síochána ar an ábhar céanna.
- 12 Deireadh Fómhair 2017: Eisíodh meabhrúchán chuig an teagmhálaí. Fuarthas freagra uaidh ag moladh teagmháil a dhéanamh le hOifig an Stiúrthóra Feidhmiúcháin.
- 13 Deireadh Fómhair 2017: Cuireadh gloch fóin ar Oifig an Stiúrthóra Feidhmiúcháin.
- 13 Deireadh Fómhair 2017: Cuireadh nóta chuig an teagmhálaí ag lorg freagra i scríbhinn.
- 17 Deireadh Fómhair 2017: Cuireadh gloch fóin ar Oifig an Stiúrthóra Feidhmiúcháin.
- 18 Deireadh Fómhair 2017: Cuireadh gloch fóin ar Oifig an Stiúrthóra Feidhmiúcháin.
- 18 Deireadh Fómhair 2017: Fuarthas gloch fóin ó Oifig an Stiúrthóra Feidhmiúcháin – bhí sé le gloch roimh an Aoine.
- 19 Deireadh Fómhair 2017: Rinneadh gloch fóin, teachtaireacht glórphoist agus téacs a sheoladh chuig an Stiúrthóir Feidhmiúcháin.
- 23 Deireadh Fómhair 2017: Cruinniú leis an gCoimisinéir Gníomhach



25 Deireadh Fómhair 2017: Seoladh cuntas ar an gcruinniú den 23 Deireadh Fómhair chuig an gCoimisinéir Gníomhach.

2 Samhain 2017: Fuarthas litir ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin.

8 Samhain 2017: Seoladh teachtaireacht chuig an Stiúrthóir Feidhmiúcháin ag lorg cóipe den iatán a bhí luaite sa litir ach nach raibh iniata. Fuarthas freagra le cóip den iatán.

17 Samhain 2017: Sheol OCT nóta chuig an Oifigeach Gaeilge.

17 Samhain 2017: Fuarthas freagra ón Oifigeach Gaeilge ag glacadh buíochais as an ríomhphost agus as an gcruinniú tairbheach agus ag cur in iúl go raibh tuarascáil á hullmhú don Stiúrthóir Feidhmiúcháin i dtaca leis an méid a pléadh agus na bealaí arbh fhéidir cúrsaí a thabhairt chun críche a luaithe agus ab fhéidir.

8 Eanáir 2018: Fuarthas leagan leictreonach de litir ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin ag glacadh buíochais leis an gCoimisinéir Teanga as freastal ar chruinniú leis an nGarda Síochána in Óran Mór ar an 15 Nollaig 2017. Bhí cóip de mhiontuairiscí an chruinnithe in éineacht leis, mar aon le scarbhileog inar tugadh cuntas ar líon agus céatadán na gcomhaltáí a bhí inniúil ar ghnó a dhéanamh trí Ghaeilge i gceantar Gaeltachta, i Nollaig 2012, Aibreán 2016 agus Samhain 2017, agus na hathruithe dá réir.

19 Feabhra 2018: Fuair an Coimisinéir Teanga ríomhphost ón Oifigeach Gaeilge ina raibh eolas cothrom le dáta maidir leis an gcóras nua tástála a bhí le bheith ag an nGarda Síochána – Creat Inniúlachta an Gharda Síochána don Ghaeilge Labhartha.

19 Feabhra 2018: Sheol an Coimisinéir Teanga freagra ag glacadh buíochais as an gcur síos ar na céimeanna a bhí á dtógáil ag an nGarda Síochána chun a ndualgas reachtúil maidir le Gardaí atá inniúil sa Ghaeilge i gceantair Ghaeltachta a chomhlíonadh. Cuireadh in iúl dá luaithe ab fhéidir leis an nGarda Síochána a thaispeáint go raibh ardú córasach agus suntasach ag teacht ar líon na nGardaí a bhí ar stáisiún sa Ghaeltacht gurbh amhlaidh ab fhearr é.

19 Meán Fómhair 2018: Fuair Oifig an Choimisinéara Teanga ríomhphost ó Oifig Choimisinéir an Gharda Síochána ag rá go raibh Treoir Cheanncheathrún eisithe ag lorg léiriú spéise ó chomhaltáí ar mhian leo go ndéanfaí iad a mheas lena n-implonú i stáisiún Gaeltachta.

19 Meán Fómhair 2018: Sheol Oifig an Choimisinéara Teanga ríomhphost ar ais ag lorg cóipe den Treoir Cheanncheathrún.

20 Meán Fómhair 2018: Sheol Oifig Choimisinéir an Gharda Síochána ríomhphost agus cóip den Treoir Cheanncheathrún iniata chuig OCT.

25 Márta 2019: Bhí cruinniú ag an gCoimisinéir Teanga le Coimisinéir an Gharda Síochána, Drew Harris, i nGaillimh.

15 Aibreán 2019: Sheol Oifig an Choimisinéara Teanga litir chuig Coimisinéir an Gharda Síochána, bunaithe ar chruinniú an 25 Márta 2019.


25 Meitheamh 2019: Fuarthas ríomhphost ó Oifigeach Gaeilge an Gharda Síochána, ag tabhairt le fios go raibh cáipéis chuimsitheach seolta ar aghaidh chuig HR&PD, le seoladh ar aghaidh chuig an gCoimisinéir, maidir leis na hocht ngníomh a luadh i litir an 15 Aibreán 2019.


11 Iúil 2019: Sheol Oifig an Choimisinéara Teanga nóta chuig teagmhálaí an Gharda Síochána ag lorg an fhreagra.

2 Meán Fómhair 2019: Eisíodh meabhrúchán chuig teagmhálaí an Gharda Síochána, ag lorg an fhreagra a ndearnadh tagairt dó cheana.



- 3 Meán Fómhair 2019:** Fuair Oifig an Choimisinéara Teanga freagra ó theagmhálaí an Gharda Síochána ag glacadh leithscéil as an moill ag freagairt de bharr laethanta saoire etc. Tugadh le fios go raibh an Rannóg Acmhainní Daonna leis an gcáipéis a chíoradh go mion i gcaitheamh na seachtaine. Cuireadh in iúl mar iarscríbhinn go raibh scrúdú béil le bheith ar siúl i gColáiste an Gharda Síochána ar an 11 Meán Fómhair do chomhaltaí a léirigh spéis a bheith ar an bPainéal Inniúlachta Gaeilge (Irish Language Proficiency Panel) agus gur deichniúr ar fad atá i gceist an babhta seo.
- 20 Meán Fómhair 2019:** Sheol Oifig an Choimisinéara Teanga meabhrúchán eile chuig Oifigeach Gaeilge an Gharda Síochána, ag tabhairt le fios go raibh nach mór sé mhí caite ó bhí cruinniú an 25 Márta ann, agus an Oifig fós ag feitheamh ar fhreagra ón nGarda Síochána ar an ábhar.
- 16 Deireadh Fómhair 2019:** D'iarr an Oifig coinne le haghaidh comhrá fóin idir an bheirt Choimisinéirí i nglaoch fóin ar bhall foirne de chuid Oifig an Choimisinéara Harris.
- 22 Deireadh Fómhair 2019:** Fuair Oifig an Choimisinéara Teanga glaoch fóin ó Oifig Choimisinéir an Gharda Síochána, ag fiosrú céard go díreach a theastaigh ón gCoimisinéir Teanga. Míníodh go raibh litir seolta ag an gCoimisinéir Teanga chuig an gCoimisinéir Harris i mí Aibreáin, bunaithe ar an méid a pléadh sa chruinniú, agus go raibh tuarascáil iarrtha ar an dul chun cinn sa litir sin. Dúradh gur tuigeadh go raibh an tuarascáil sin ullmhaithe ag an Oifigeach Gaeilge i mí Iúil, ach go rabhamar fós ag feitheamh ar an bhfreagra. Dúirt Oifig an Choimisinéara Harris go bhfiosrófaí an scéal agus go bhfillfí ar OCT an tráthnóna sin.
- 22 Deireadh Fómhair 2019:** Chuir Oifig an Choimisinéara Harris glaoch ar ais agus dúradh go raibh siad ag leanúint suas ar fhreagra ar litir an 15 Aibreáin.
- 5 Samhain 2019:** Fuair Oifig an Choimisinéara Teanga freagra dátheangach ina raibh tuairisc ar an dul chun cinn. Is i ndubh agus bán amháin a bhí na graif a ghabh leis an leagan Gaeilge.
- 22 Samhain 2019:** Sheol Oifig an Choimisinéara Teanga ríomhphost chuig Oifig Choimisinéir an Gharda Síochána, le cc chuig an Oifigeach Gaeilge, ag lorg líon na nGardaí in Aguisín E, seachas céatadán, agus leagan daite de na graif i nGaeilge, mar go raibh roinnt doiléireachta leis na cinn a bhí dubh agus bán.
- 25 Samhain 2019:** Fuair Oifig an Choimisinéara Teanga admháil ó Oifig Choimisinéir an Gharda Síochána.
- 13 Nollaig 2019:** Eisíodh meabhrúchán chuig an nGarda Síochána.
- 17 Nollaig 2019:** Fuarthas an dara hadmháil.
- 16 Aibreán 2020:** Léadh sliocht as réamhrá na dréacht-Tuarascála Faireacháin ar an bhfón don Oifigeach Gaeilge, ag tabhairt le fios nach bhfeictear don Choimisinéir Teanga go bhfuil an dara rogha aige ach tuarascáil a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais.
- 17 Aibreán 2020:** Fuarthas rphost ón Oifigeach Gaeilge ag lorg soiléiriú.
- 1 Bealtaine 2020:** Ríomhphost soiléirithe eisithe agus tuairisc curtha ar fáil ar fhreagra an 5 Samhain 2019 ón nGarda Síochána.
- 6 Bealtaine 2020:** Admháil faighte ón nGarda Síochána ar ríomhphost agus tuairisc an 1 Bealtaine 2020.
- 12 Bealtaine 2020:** Freagra eatramhach faighte ag tabhairt le fios go raibh oifigigh shinsearacha de chuid an Gharda Síochána ag díriú ar fhreagra substainteach a eisiúint.
- 2 Meitheamh 2020:** Ríomhphost faighte ón Oifigeach Gaeilge i dtaca le hathrú foirne.
- 4 Meitheamh 2020:** Ríomhphost/comhrá fóin leis an Oifigeach Gaeilge i dtaca le freagra ar ríomhphost an 1 Bealtaine.





4 Meitheamh 2020: Ríomhphost faighte ón Oifigeach Gaeilge leis na figiúirí a iarradh i ríomhphost an 22 Samhain 2019.

5 Meitheamh 2020: Admháil eisithe ag OCT ar an ríomhphost ón Oifigeach Gaeilge.

8 Meitheamh 2020: Ríomhphost faighte ón Oifigeach Gaeilge ag tabhairt le fios go mbeadh freagra againn ar ríomhphost an 1 Bealtaine tráthnóna an 9 Meitheamh nó ar an 10 Meitheamh.

10 Meitheamh 2020: Freagra faighte ar ríomhphost an 1 Bealtaine agus leithscéal gafa as an moill.
